



2024/190

5.1.2024

CINNEADH (AE) 2024/190 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 15 Nollaig 2023

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2016/948 maidir le cur chun feidhme chlár cheannaigh na hearnála corparáidí (BCE/2016/16) (BCE/2023/38)

Tá comhairle rialacháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhleasc d'Airteagal 127(2) de,

Ag féachaint do Reachtaíocht an Chórais Eorpaigh Banc Ceannais agus an Bhainc Ceannais Eorpaigh agus go háirithe an dara fómhír d'Airteagal 12.1 i gcomhar leis an chéad fhleasc d'Airteagal 3.1 agus Airteagal 18.1 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 9 Meán Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Rialaithe Cinneadh (AE) 2022/1613 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2022/29) ⁽¹⁾, lena leasaíodh Cinneadh (AE) 2016/948 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2016/16) ⁽²⁾. Le Cinneadh (AE) 2022/1613 (BCE/2022/29) rinneadh foráil um bhreithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú sa leithdháileadh tagarmharcanna le haghaidh ceannachán bannaí corparáideacha faoi chlár ceannaigh na hearnála (CSPP) agus faoin gclár ceannaithe sealadach d'éigeandáil na paidéime (PEPP), go háirithe chun neamhchosaint an Eurochórais ar rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid a bhainistiú, i gcomhréir le modheolaíocht arna formheas ag an gComhairle Rialaithe.
- (2) De bhun Chinneadh (AE) 2022/1613 (BCE/2022/29), ionchorpraíodh breithnithe maidir leis an athrú aeráide trí bhíthin an tagarmharc a 'chlaonadh' i leith eisitheoirí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos fearr acu, i.e. méadaíodh sciar na sócmhainní ar chlár comhardaithe an Eurochórais arna eisiúint ag cuideachtaí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos fearr acu i gcomparáid le cuideachtaí a bhfuil feidhmíocht aeráide níos boichte acu. Mar a thugtar faoi deara in aithris 1 de Chinneadh (AE) 2022/1613 (BCE/2022/29), ba cheart feidhmíocht aeráide eisitheoirí a thomhas trí thagairt a dhéanamh dá n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, do leibhéal uailmhéine a spriocanna laghdaithe carbóin agus dá nochtuithe a bhaineann leis an aeráid.
- (3) An 19 Meán Fómhair 2022, d'fhoilsigh an Banc Ceannais Eorpach (BCE) tuilleadh sonraí ar a shuíomh gréasáin maidir le breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú i gceannacháin bannaí corparáideacha, inar míníodh príomhghnéithe den chaoi a ndéanfaí measúnú ar fheidhmíocht aeráide eisitheoirí, lena n-áirítear an mhodheolaíocht chun scóir feidhmíochta aeráide eisitheoirí a chinneadh.
- (4) An 23 Márta 2023, d'fhoilsigh BCE tuarascáil dar teideal 'Nochtaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid maidir le gabháltais earnáil chorpóraideach an Eurochórais chun críocha beartais airgeadaíocht' ⁽³⁾. Chomh maith le tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn an Eurochórais maidir leis na rioscaí airgeadais a bhaineann leis an athrú aeráide a bhainistiú agus a mhaolú, soláthraíodh sa tuarascáil tuilleadh sonraí maidir leis an modheolaíocht scórála aeráide agus an cur chuige claonta a cuireadh i bhfeidhm tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh (AE) 2022/1613 (BCE/2022/29).
- (5) An 5 Deireadh Fómhair 2023, tar éis an chéad athbhreithnithe rialta ar an modheolaíocht scórála aeráide, chinn an Chomhairle Rialaithe gur cheart an fhaisnéis phoiblí atá ann cheana maidir leis an modheolaíocht scórála aeráide a leagan amach ar bhealach comhdhlúite agus a fhoilsiú mar chuid de Chinneadh (AE) 2016/948 (BCE/2016/16). Déantar an cleachtadh sin d'fhonn deimhneacht dhlíthiúil, soiléireacht agus trédhearcacht a fheabhsú i ndáil leis an modheolaíocht scórála aeráide agus leis an gcur chuige claonta.

- (6) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2016/948 (BCE/2016/16) a leasú dá réir sin,

⁽¹⁾ Cinneadh (AE) 2022/1613 ón mBanc Ceannais Eorpach an 9 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh (AE) 2016/948 maidir le cur chun feidhme chlár cheannaigh na hearnála corparáidí (BCE/2022/29) (IO L 241, 19.9.2022, lch. 13).

⁽²⁾ Cinneadh (AE) 2016/948 ón mBanc Ceannais Eorpach an 1 Meitheamh 2016 maidir le cur chun feidhme chlár ceannaithe na hearnála corparáidí (BCE/2016/16) (IO L 157, 15.6.2016, lch. 28).

⁽³⁾ Ar fáil ar shuíomh Gréasáin an BCE ag www.ecb.europa.eu.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe

Leasaítear Cinneadh 2016/948 (BCE/2016/16) mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4a:

'Airteagal 4a

Breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú sa leithdháileadh tagarmharcanna

1. Déanfar breithnithe maidir leis an athrú aeráide a ionchorprú sa leithdháileadh tagarmhairc dá dtagraítear in Airteagal 4(3), go háirithe chun neamhchosaint an Eurochórais ar rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid a bhainistiú, i gcomhréir leis an modheolaíocht arna formheas ag an gComhairle Rialaithe, lena n-áirítear na heilimintí di atá leagtha amach san Iarscríbhinn.
 2. Féadfaidh an Chomhairle Rialaithe, nuair a mheasann sí gur gá déanamh amhlaidh, athbhreithniú a dhéanamh ar an modheolaíocht dá dtagraítear i mír 1, go háirithe chun rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid agus an dul chun cinn in inniúlachtaí measúnaithe riosca a chur san áireamh.;
- (2) Déantar an téacs atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo isteach mar Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 15 Nollaig 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE

IARSCRÍBHINN

Cuirtear an Iarscríbhinn seo a leanas le Cinneadh (AE) 2016/948 (BCE/2016/16):

Iarscríbhinn

MODHEOLAÍOCHT SCÓRÁLA AERÁIDE AGUS CUR CHUIGE CLAONTA**1. MODHEOLAÍOCHT SCÓRÁLA AERÁIDE**

I gcás gach eistheora, ríomhtar scór chun a fheidmíocht aeráide a mheasúnú ('an scór aeráide') bunaithe ar thrí mhéadracht: méadracht an nochta, an méadracht siarbhreathnaitheach agus an mhéadracht réamhbhreathnaitheach, i gcomhréir le foirmle arna cinneadh ag an gComhairle Rialaithe. Tá raon an scóir aeráide idir nialas ar a laghad agus cúig cinn ar a mhéad agus díríonn sé ar rioscaí airgeadais a bhaineann leis an aeráid arna meas bunaithe ar (a) cháilíocht nochtuithe an eistheora, (b) déiní astaíochtaí ⁽¹⁾ an eistheora le déanaí agus (c) spriocanna aeráide an eistheora. Dá airde an scór, is ea is fearr an fheidhmíocht aeráide measúnaithe.

1.1. An mhéadracht nochta

Leis an méadrach nochta, déantar measúnú ar cháilíocht nochtuithe na n-eistheoirí i ndáil lena n-astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi raon feidhme 1 agus raon feidhme 2 dá dtagraítear sa Phrótacal maidir le Gás Ceaptha Teasa ⁽²⁾, i gcomhréir le foirmle arna cinneadh ag an gComhairle Rialaithe. Leis an méadrach nochta, tugtar luaíochtaí d'eistheoirí le nochtuithe ardcháilíochta. Faigheann eistheoirí scór níos fearr faoin méadrach seo nuair a bhíonn a nochtuithe faoi réir fhíorú tríú páirtí. Faigheann eistheoirí an scór is lú mura bhfuil aon sonraí féintuairisciú acu maidir le hastaíochtaí.

1.2. An mhéadracht siarbhreathnaitheach

Leis an méadrach siarbhreathnaitheach déantar measúnú ar leibhéal na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhí ag eistheoirí roimhe seo i dtéarmaí leibhéal déine na n-astaíochtaí agus ráta an dícharbónaithe araon. Cuirtear san áireamh sa mhéadracht sin raon feidhme 1 agus raon feidhme 2 na n-eistheoirí maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa agus meáin earnála raon feidhme 3 maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa. Comhcheanglaítear inti an cur chuige is fearr i measc phiaraí le cur chuige is fearr san earnáil chorparáideach, i gcomhréir le modheolaíocht arna cinneadh ag an gComhairle Rialaithe. Déanann an cur chuige 'is fearr i measc phiaraí' comparáid idir cuideachtaí i gcoinne a bpiaraí laistigh d'earnálacha sonracha tionscail. Leis an gcur chuige is fearr san earnáil chorparáideach, déantar comparáid idir cuideachtaí ar fud na cruinne corparáidí ar fad i ndáil lena ndéine astaíochtaí ag pointe ama, agus an ráta dícharbónaithe araon.

1.3. An mhéadracht réamhbhreathnaitheach

Leis an mhéadracht réamhbhreathnaitheach, déantar measúnú ar an éabhlóid ionchasach dhéine astaíochtaí gás ceaptha teasa na n-eistheoirí. Áirítear ar na fachtóirí as a n-eascaíonn scór níos airde faoin méadracht seo leibhéal uailmhéine agus creidiúnacht na spriocanna laghdaithe déine astaíochtaí gás ceaptha teasa atá luaite ag na heistheoirí (go háirithe más sprioc eolaíochtbhunaithe í agus má bhailíochtaigh tríú páirtí í) agus an chloí a breathnaíodh lena spriocanna féin maidir le laghdaithe déine astaíochtaí gás ceaptha teasa, arna measúnú i gcomhréir le modheolaíocht arna cinneadh ag an gComhairle Rialaithe.

2. CUR CHUIGE CLAONTA

Déantar ceannacháin bannaí corparáide a chlaonadh i dtreo eistheoirí a bhfuil scóir aeráide níos airde acu de réir foirmle arna cinneadh ag an gComhairle Rialaithe. Ciallaíonn claonadh go méadófar sciar ualaithe chaipitliú margaidh sócmhainní sa tagarmharc lena dtreoraítear ceannacháin earnáil chorparáideach an Eurochórais le haghaidh eistheoirí a bhfuil scór aeráide níos fearr acu i gcomparáid leis na heistheoirí sin a bhfuil scóir aeráide níos lú acu. Déantar an tagarmharc claonta a ionchorprú i dtéorainneacha grúpa eistheora chun a áirithiú go mbeidh an tagarmharc claonta mar threoir ag cheannacháin.

⁽¹⁾ Sainmhínítear déine astaíochtaí eistheora mar astaíochtaí GCT an eistheora (in tCO₂) roinnte ar ioncam an eistheora (i milliúin EUR).

⁽²⁾ Déantar idirdhealú sa Phrótacal maidir le Gás Ceaptha Teasa idir astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha cuideachtaí ó fhoinsí faoi úinéireacht nó ó fhoinsí rialaithe (raon feidhme 1); astaíochtaí indíreacha ó leictreachas, gal, téamh nó fuarú ceannaithe nó faighte (raon feidhme 2); agus na hastaíochtaí indíreacha eile go léir, lena n-áirítear go háirithe na hastaíochtaí sin a tharlaíonn feadh an tslabhra luacha chorparáidigh, bíodh siad réamhtheachtach nó iartheachtach (raon feidhme 3): féach suíomh gréasáin an Phrótacail um Ghás Ceaptha Teasa ag ghgprotocol.org.